# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 23 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Na Topaicí 1 go 4 |
| Grúpa II | : | Na Topaicí 5 go 7 |
| Grúpa III | : | Na Topaicí 8 go 10 |

- Tá ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas: Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá céad marc ag gabháil le gach topaic.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad le fáil ar pháipéar leis seo atá marcáilte le **X**.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1.** **An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Sa bhliain 415 R.Ch. thréig an ginearál Aithneach Alcaibiaidéas an Aithin agus chuaigh leis an taobh Spartach.

(a) Cad iad na himeachtaí ba chúis le hAlcaibiaidéas taobhanna a athrú? (35)

(b) Cén chomhairle a chuir Alcaibiaidéas ar na Spartaigh maidir le cogadh a chur ar na hAithnigh? (15)

(ii) In 429 R.Ch. chuir na Spartaigh baile Plataea faoi léigear.

(a) Tabhair cuntas achomair ar léigear Plataea. (35)

(b) Déan cur síos ar an rud a tharla nuair a ghéill muintir Plataea sa deireadh. (15)

(iii) "…. ach maidir le léan daoine aonair, cheapfá go raibh sé beagnach thar chumas an nádúir dhaonna é a fhulaingt." (Túicídidéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) Tabhair cuntas ar léan an phobail Aithnigh le linn na Plá (430 R.Ch). (35)

(b) Déan cur síos ar conas a chuir roinnt Aithneach a mbeatha i mbaol chun cabhrú le daoine eile. (15)

(iv) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:-

Nicias (an ginearál Aithneach); Brasadas (an ginearál Spartach); Archidamus (an rí Spartach). (25, 25)

---

**Topaic 2.** **Alastar Mór** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Go tobann tháinig fonn paiseanta ar Alastar cuairt a thabhairt ar scrín Ammon sa Libia." (Airrianas, *Feachtais Alastair*)

(a) Tabhair cuntas ar thuras Alastair go dtí scrín Ammon in Siwah sa Libia. (25)

(b) Dar leat, cén fáth a raibh an fonn sin ar Alastar cuairt a thabhairt ar an scrín? (15)

(c) An dóigh leat gur chreid Alastar i ndáiríre gurbh é mac Shéas-Ammon é? Luaigh cúis le do fhreagra. (10)

(ii) In 328 R.Ch. mharaigh Alastar a oifigeach sinsearach Cléiteas.

(a) Tabhair cuntas ar an achrann idir an bheirt fhear a chríochnaigh le bás Cléiteas. (35)

(b) Déan cur síos ar conas a d'iompair Alastar é féin sna laethanta i ndiaidh mharú Cléiteas. (15)

(iii) In 331 R.Ch. chloígh Alastar Dáirias i gCath Ghágaiméala.

(a) Cén fáth ar dhiúltaigh Alastar troid a dhéanamh an oíche sular tharla an cath? (10)

(b) Tabhair cuntas achomair ar an gcath. (30)

(c) Luaigh toradh tábhachtach **amháin** a bhí ar an gcath. (10)

(iv) Tar éis Airrianas a léamh, an aontaíonn tú gur thuill Alastar a theideal "Mór"? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Cad iad na cúisimh a dhéanann Cicearó in aghaidh Marcas Antaine ina óráid *I gCoinne Antaine*? (50)

(ii) (a) Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí ba chúis le feallmharú Iúl Caesar. (35)

(b) De réir Phlútarc, cad iad na torthaí a lean go díreach ar fheallmharú Caesar? (15)

(iii) Scríobh cara le Cicearó, Servius Sulpicius Rufus, chuige in 45 R.Ch.: "Nuair a insíodh dom faoi bhás d'iníne Tullia, bhí mé chomh brónach agus chomh buartha ar ndóigh agus ba chóir dom a bheith."

(a) Conas a dhéanann Sulpicius iarracht sólás a thabhairt do Chicearó? (40)

(b) An dóigh leat gur chabhraigh a chuid focal le Cicearó? Luaigh cúis le do fhreagra. (10)

(iv) Bunaithe ar na dánta dá chuid atá léite agat, cén tuairim a fuair tú de Chatallus:-

- mar leannán
- mar chara
- mar dhearthái r? (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí ba chúis le bás Ghearmánacas. (35)

(b) Déan trácht ar an gcaidreamh a bhí ag Tibir le Gearmánacas agus le bean chéile Ghearmánacas, Agrippina. (15)

(ii) (a) De réir Séatóinias, bhí nós maireachtála an-simplí ag Ágastas. Luaigh samplaí den tsimplíocht i nós maireachtála Ágastas. (15)

(b) Dar leat, cad iad mór-éachtaí Ágastas? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (35)

(iii) In AD 26 d'fhág Tibir an Róimh le dul go hoileán Capri.

(a) Dar leat, cén fáth ar fhág Tibir an Róimh ag an am sin? (25)

(b) Cén cuntas a thugann Séatóinias ar bheatha Thibir ar Capri? (25)

(iv) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:-

Iúlia (iníon Ágastas); Quinctilius Varus (ginearál Ágastas); Marcas Agrippa. (25, 25)

**GRÚPA II: Topaicí 5 go 7**

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach. [100]

Freagair **dhá cheist ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Is cinnte gur muide mná, as na créatúir go léir atá beo agus a bhfuil toil acu, is ainnise ar fad." (Eoiripidéas, *Méidé*)

(a) Conas a dhéanann Méidé cur síos ar na deacrachtaí a bhíonn ag mná? (40)

(b) De réir Méidé, cén fáth a mbíonn níos mó le fulaingt aici féin ná ag mná eile na Corainte fiú amháin? (10)

(ii) Is fear an-taghdach é Éideapús.

Cén fhianaise ar fhearg Éideapús atá le fáil agat sa dráma le Sofaicléas *Éideapús Rí*? (50)

(iii) Is ionramhálaí iontach í Méidé.

Taispeáin conas a dhéanann Méidé ionramháil ar Iasón, ar Creon agus ar Aegeus agus í ag lorg díoltais sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. (50)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar an ról a imríonn Iocasta in *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (35)

(b) De réir an Teachtaire, conas a fuair Iocasta bás? (15)

---

## Topaic 6. An Eipic Ársa. [100]

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Cén rabhadh a thug Teiresias d'Odaiséas faoi oileán dhia na gréine? (10)

(b) Déan cur síos ar ar tharla nuair a chuaigh Odaiséas agus a chuid fear i dtír ar oileán dhia na gréine. (30)

(c) Cén fáth ar thubaiste chomh huafásach sin í cuairt Odaiséas agus a chuid fear ar oileán dhia na gréine? (10)

(ii) (a) Déan cur síos ar an gcéad teagmháil a bhí ag Odaiséas lena mhac Telemachus tar éis fhilleadh Odaiséas ar Ithaca. (40)

(b) An gcorraíonn cur síos Hóiméar ar an teagmháil seo idir Odaiséas agus Telemachus thú? Mínigh do fhreagra. (10)

(iii) I Leabhar 1 den *Aeinéid* le Veirgil déanann an bhandia Iúnó iarracht cabhlach na Traí a scrios le stoirm dhian.

(a) Cén fáth a dteastaíonn ó Iúnó muintir na Traí agus a gcabhlach a scrios? (15)

(b) Déan trácht ar conas a d'iompair Aeinéas é féin mar cheannaire le linn na stoirme agus ina diaidh. (35)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar na hullmhúcháin a dhéanann Díodó dá bás. (25)

(b) Cén rud i gcuntas Veirgil ar fhíorbhás Dhíodó is mó a chorraíonn thú? (15)

(c) Cén mhallacht a chuir Díodó ar Aeinéas sula bhfuair sí bás? (10)

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Ina chuid dánta *Bailígí Cocáin Róis, Tá an Bás i nDán Duinn Uile* agus *Stad den Chaoineadh* cén chomhairle a chuireann Horáit ar a chuid léitheoirí? (40)

(b) Ar bhain tú taitneamh as na dánta seo a léamh? Mínigh do fhreagra. (10)

(ii) (a) Cad atá le foghlaim againn faoi phearsantacht Phroipeirtias óna chuid dánta *Cynthia*, *Imithe go Clitumnus* agus *Tá Cynthia Marbh*? (35)

(b) An dóigh leat go raibh Proipeirtias sona ina ghrá do Cynthia? Mar thacaíocht le do fhreagra, déan tagairt do na dánta dualgais. (15)

(iii) "Tá céadghin na hAoise Nua ar a bhealach cheana féin ó na flaithis os ard síos go talamh." (Veirgil, *Breith an tSlánaitheora*)

(a) Dar le Veirgil, cad iad na hathruithe a thiocfaidh le teacht na hAoise Nua? (40)

(b) Luaigh moladh amháin atá déanta maidir leis an duine a bheidh ina shlánaitheoir. (10)

(iv) "Dá bhrí sin shocraigh siad Menenius Agrippa a chur mar ambasadóir chuig an gcoitiantacht." (Livias, *Cogadh na nAicmí*)

(a) Dar le Livias in *Cogadh na nAicmí*, cén fáth ar roghnaigh na seanadóirí Menenius Agrippa mar ambasadóir? (10)

(b) Déan achoimre ar an scéal a d'inis Menenius do na pleibigh. (20)

(c) Conas a chuireann scéal Menenius ina luí ar na pleibigh filleadh ar an Róimh? (10)

(d) Cén comhréiteach tábhachtach a aontaíodh idir an Seanad agus na pleibigh? (10)

---

**GRÚPA III: Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Sainaithin an teampall a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X** agus abair cá bhfuil sé suite. (10)

(b) Cén cineál cloiche a úsáideadh ina thógáil? (5)

(c) Déan cur síos ar an teampall seo agus úsáid á baint agat as téarmaí cearta ailtireachta. (25)

(d) Sainaithin gné Iónach amháin sa teampall seo. (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** an dealbh ar a dtugtar Maighdean Bheirlín.

(a) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbhóireacht seo? (10)

(b) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbh seo ina heiseamláir thipiciúil dá tréimhse? (30)

(c) Dar le Richter, conas a léiríonn an dealbh seo céim chun tosaigh i bhforbairt na dealbhóireachta? (10)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** cuid de Fhríos an Phartanón.

(a) Cén t-imeacht tábhachtach a léirítear sa fhríos seo? (5)

(b) Mínigh an difríocht idir *rilíf ard* agus *rilíf íseal*. (15)

(c) Dar leat, conas a chuireann an dealbhóir mothú gluaiseachta in iúl sa phíosa seo? (20)

(d) Cén áit sa teampall a bhfuil an fríos suite? (10)

(iv) (a) Sainaithin an dealbh cháiliúil a léirítear i bh**Fótagraf D** ar **Pháipéar X**. (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (20)

(c) Cad dó a seasann an dealbh? (10)

(d) Dar leat, cén fáth a moltar an dealbh seo an oiread sin? (10)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar an Miotas Iontach le Sócraitéas. (25)

(b) Dar leat, cad is ciall leis an miotas seo? (10)

(c) Cén fáth ar theastaigh ó Shócraitéas go gcreidfeadh na trí aicme go léir ina stát idéalach sa mhiotas seo? (15)

(ii) (a) Déan achoimre ar thuairimí Cephalus maidir leis an tseanaois sa Réamhrá don *Poblacht* le Platón. (30)

(b) Dar le Cephalus, cén difríocht a dhéanann an saibhreas don tseanaois? (20)

(iii) (a) Dar le Sócraitéas, cén fáth a mbeidh a stát idéalach in ann cogadh a fhearadh ar stát níos saibhre? (20)

(b) Conas a éilíonn Sócraitéas go bhféadfadh oibrithe a bheith millte agus truaillithe ag an saibhreas agus ag an mbochtaineacht? (30)

(iv) (a) Tabhair breac-chuntas ar Fháthscéal an Ainmhí Mhóir Chumhachtaigh. (35)

(b) Cad a insíonn an fáthscéal seo dúinn maidir le tuairimí Shócraitéas faoin daonlathas? (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** an amharclann Rómhánach in Sabratha.

(a) Déan cur síos iomlán ar an amharclann seo agus úsáid á baint agat as téarmaí cearta ailtireachta. Féadfaidh tú sceitse a úsáid mar chuid de do fhreagra. (30)

(b) Cén sórt siamsaíochta a cuireadh ar fáil in amharclann Rómhánach? (10)

(c) Cén difríocht atá idir amharclann Rómhánach agus amharclann nua-aimseartha? (10)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf F** ar **Pháipéar X**.

(a) Sainaithin an séadchomhartha as ar baineadh an roinn seo. (5)

(b) Sainaithin an t-impire a léirítear sa fhríos. (5)

(c) Déan trácht ar an gcaoi a léirítear an t-impire. (15)

(d) Conas a d'éirigh leis an ealaíontóir éagsúlacht agus doimhneacht a chur sa fhríos? (25)

(iii) Déan staidéar ar an amfaitéatar a léirítear i bh**Fótagraf G** ar **Pháipéar X**.

(a) Cá bhfuil an t-amfaitéatar seo suite? (5)

(b) Cén fáth a ndearna an Seanad seónna a thoirmeasc san amfaitéatar seo in AD 59? (10)

(c) Cén difríocht atá idir an Colasaem sa Róimh agus an t-amfaitéatar a léirítear i **bhFótagraf G**? (25)

(d) Déan cur síos achomair ar an tsiamsaíocht a cuireadh ar fáil in amfaitéatair i gcoitinne. (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** mósáic i dTeach an Fhánais i bPoimpé.

(a) Ainmnigh an cath cáiliúil a léirítear sa mhósáic seo. (10)

(b) Sainaithin an fhíor láir sa charbad agus an fear ar mhuin capaill gar don chrann. (10)

(c) Déan cur síos ar an mbunteicníocht chun mósáic a dhéanamh. (15)

(d) An aontaíonn tú go dtugann an t-ealaíontóir léiriú iontach ar chlampar agus ar scanradh an chatha sa mhósáic seo? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (15)

Leathanach Bán

Leathanach Bán